An Garda Síochána

Bileog Eolais um Chosc ar Choireacht

Slándáil Feithicle

Gluaisrothair agus Scútéirí

Réamhrá

Léiríonn figiúirí ón Roinn Iompair go raibh beagán ós cionn 37,000 gluaisrothair cláraithe in Éirinn in 2007. Sa bhliain chéanna úd, léiríonn statisticí Garda go raibh thart ar 750 gluaisrothar agus scútéir goidte. Astu seo, aisghabháladh timpeall ar 370 fad is a bhí 380 fós gan aimsiú.

Ta sé tábhachtach, mar sin, réamhchúraimí slándála dóthaineach a thógáil chun d'fheithicil a chosaint ó bheith goidte.

Glasáil

- Glasáil an adhaint agus tóg amach an eochair i gcónaí
- Glasáil na forcanna agus/nó na coscáin diosca
- Más ag marcaíocht le daoine eile atá tú, glasáil gach rothar le chéile nuair atá siad páirceáilte agus gan a bheith in úsáid.
- Má ag marcaíocht i d'aonar atá tú, glasáil do rothar le rud soladach, slán agus dochorraithe, áit gur féidir é.
- Seachain an glas agus/nó an slabhra/cáblá a ligean a bheith ina luí ar an talamh mar má dhéanann tú amhlaidh, is féidir cabhrú leis an ngadaí trí drom-chla soladach a sholáthar chun an glas a poundáil nó a bhogadh.
- Bain úsáid as glasanna, slabhraí agus cáblaí cáilíochta ard-slándála

Sampla de mhodh bocht glasála – atá ina luí ar an talamh.

Páirceáil / Locadh

Sa bhaile

- Bain triail as locadh in áit slán ar nós garáiste, bothán nó clós iniata. Déan cinnte go bhfuil nas hionaid seo slán iad féin.
- Fiú amháin sa bhaile, glasáil do rothar i gcónaí.
- Déan machnamh ar ancairí talún nó balla a instal-ladh chun na críocha seo.
- Más ag páirceáil i ngaráiste atá tú, blocáil do rothar le gluaisteáin má tá siad ar fáil.
- Tá sé tábhachtach freisin gan uirlisí a fhágáil ina luí thart timpeall do chuid garáiste a d'fhéadfadh cuidiú le gadaí ionsaí a dhéanamh ar do chuid glasanna rothair, m.sh. gléasuilinnmheilte, casúr lumpa, fuarshiséal, agus araile. Ba cheart gach uirlisí a bheith glasáilte ar shiúl.

I bhfad ó bhaile

- Bain triail as páirceáil in ionaid loctha atá ghnóth-ach, dea-shoilsithe
- Seachain a bheith ag páirceáil idir carranna nó feithiclí eile móra mar gheall ar gur féidir leo clúdach a chur ar fáil don ghadaí agus go bhféadfaidh sé cosc a chur ar dhaoine atá ag dul thar bhráid ó bheith ag tabhairt faoi deara aon tharlú
- Nuair a bhíonn tú páirceáilte in áiteanna poiblí, seiceáil do rothar go minic.
- Athraigh do spota páirceáilte in áiteanna poiblí a oiread agus is féidir.
- Bíodh cuma na cumadóireachta agat – déan mach-namh ar an bpluga spréachta nó an príomhfhiús a thógail amach.

Aláraim agus Baic Dúisithe

Is féidir le haláram a bheith tairbheach chun tú a chur ar aideall go bhfuil rud éigin mícheart. In aon chás, fiú muna n-installann tú aláram déan machnamh ar 'ghreamaitheoirí aláraim' a chur ar do rothar, m.sh., 'Aláram insteallaithe – Ná cuir isteach air". D'fhéadfadh iad seo cosc a chur ar ghadaí deiseanna.

Is féidir le baic dúisithe a bheith tairbheach chomh maith. Ba cheart duit machnamh a dhéanamh ar cheann nó dhó de lascanna maraithe a instealladh in áiteanna atá faoi cheilt.

Le haghaidh tuilleadh eolais air seo nó ar aon shaincheisteanna eile maidir le Cosc ar Choireacht, déan teagmháil le do thoil le
d'Oifigeach Garda um Chosc ar Choireacht áitiúil
nó
tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána ag www.garda.ie

Arna eisiúint ag Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht, Ceannchéathrú an Gharda Síochána, Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Aibreán 2009

Cuimhnigh, ba cheart meas a bheith ar aláraim agus baic dúisithe mar fheabhsúcháin ar chórais maith slándála fisiciúla / glasála.

Córais Rianaithe
Tá úsáid córais rianaithe thar a bheith éifeachtach chun feithiclí atá goidte a aisghabháil agus go ginearáilte faightear feithiclí ar ais taobh istigh de huaireanta dá dtógail.

Má tá do rothar ag barr a raon is ea ansin ba cheart duit machnamh a dhéanamh ar chóras rianaithe satilíte.

Stóráil Maoine
Ba cheart duit gan aird a thabhairt ar chodanna stórála ar do rothar mar áit shlán chun earraí a stóráil. Ná fágtar earraí luachmhara istigh ann.

Ba cheart gan doiciméid thábhachta atá bainteach le do rothar (m.sh. deimhniú árachais, deimhniú cláraithe feithiclí) a stóráil sna codanna seo.

Clúdach
Tá dhá fheidhm le clúdach a chur os cionn do rothar – ní hamhain go gcosnaíonn sé é ó na heilimintí ach stopann sé súile fiosracha ó bheith ag féachaint ar do shealbhú luachmhar. Ní bheidh fhios ag an gnáthdhuine a shiúlann thar bhráid, gan an chlúdach a bhaint de, cibé ach an bhfuil an rothar faoina bhun ina rothar nua spóirt den chéad aicme nó ina sheaninneall deá-úsaidte.

Bíonn clúdaigh níos praiticiúla go ginearáilte le páirceáil sa bhaile ach ba cheart meas a bheith agat ar a n-úsáid nuair a bhítear ag páirceáil go poiblí.

Déan machnamh ar ghnáthsheanchlúdach caite a úsáid seachas clúdach costasach nó ceann a thugann aitheantas do dhéantúsóir an rothair – is dócha go dtarraingeoidh tú níos lú aird ar an rothar le clúdach caite níos sine.



Gnáthsheanchlúdach

Grianghraf agus Taifead
- Déan machnamh ar do rothar a mhárcáil go sainiúil ar pháirteanna éagsúla
- Tabhairt faoi deara an damáiste, scríobhadh agus aitheantais ar fad, agus mar sin de.
- Tóg grianghraf de do rothar – tóg níos mó ná ceann amháin, ó uillinneacha difriúla, a thaispeánann marcálacha, scríobhadh, dents, agus mar sin de.
- Ba cheart grianghrafanna agus nótaí a choimeád in áit shábháilte ar fhaitíos go ngoidtear do rothar, agus a bheith tugtha do na Gardaí chun cuidiú leo ina n-imscrúdaithe. Is féidir leo cuidiú úinéireacht a chruthú nuair atá aighneas ar bun.

- **Ag díol do rothair**
- Ba cheart duit a bheith cairéiseach nuair atá tú ag díol do rothair. Is fios go n-úsáideann gadaithe, atá in ainm is a bheith ina gceannaitheoirí, bréag-aitheantais agus doiciméadú. Le díolúchain príobháideacha, ba cheart duit machnamh a dhéanamh ar an méid seo a leanas:
- Seiceáil aitheantas an úinéara –lorg grianghraf le haitheantas
- Fíoraigh an seoladh – lorg billí fóntais, agus mar sin de
- Ma tá an ceannaitheoir ag íoc le seic, dréacht nó ordú airgid fíoraigh go bhfuil sé bailí agus go bhfuil leorchistí ar fáil.
- Na tabhair do rothar nó doiciméidí úinéireachta asr láimh go dtí go mbeidh an seic/dréacht/ordú airgid tar éis a bheith glanta – is féidir socrú a dhéanamh i gcónaí é a sheachadadh tú féin tar éis tréimhse áirithe.
- I gcoitinne, bí cairéiseach.

Níl sé ar intinn an chomhairle atá sa bhileog eolais seo a bheith uileghabhálach nó iomlán.

Ní cheart aon cheo atá san fhoilsiúchán seo a fhorléiriú mar éigeantach, oibleagáideach nó ceaptha dul i gcoinne aon rialacháin reachtúla.

Teagmhálaithe agus Nascanna Úsáideacha

Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht,
Ceanncheathrú an Gharda Síochána,
Cearnóg Fhearchair, Baile átha Cliath 2.
Fón: (01) 6663362, Facs: (01) 6663314
Ríomhphost: crime_prevention@garda.ie

Aonad Imscrúdaithe an Gharda Síochána um Mhótar-fheithiclí Goidte
Biúró Naisiúnta um Imscrúdú Coiriúil,
Ceanncheathrú an Gharda Síochána,
Cearnóg Fhearcair, Baile átha Cliath 2
Fón: (01) 66663320/5, Facs: (01) 6663347
Ríomhphost: nbci_stolen_vehicle@garda.ie

An Garda Síochána
www.garda.ie

Gníomhaireacht Náisiúnta Tomaltóirí
4 Bóthar Fhearchair, Baile átha Cliath 2
Fón: 1890 432 432 nó (01) 4025555
www.consumerconnect.ie

Cumann Thionscal Mótar na hÉireann
5 Sráuid Pembróic Uachtarach, Baile átha Cliath 2
Fón: (01) 6761690
Ríomhphost: info@simi.ie
www.simi.ie

AA Ireland
56 An Bóthar Beag, Baile átha Cliath 2
Fón: (01) 6179999
Ríomhphost: aa@aaireland.ie
www.aaireland.ie